**_An Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile_: Treoir do na Ceardlanna Comhairliúcháin**

Foilsíodh an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* i gcomhair comhairliúcháin i mí Feabhra agus leagtar amach ann tograí chun curaclam na bunscoile a athfhorbairt. Cuideoidh na freagraí a gheofar ón gcomhairliúchán seo chun cuspóir, tosaíochtaí, struchtúr agus gnéithe an chéad churaclam eile do bhunscoileanna a shocrú. Tá tuairimí agus taithí múinteoirí agus ceannairí scoile i gcroílár an phróisis comhairliúcháin seo. Féadfaidh tú do mhachnaimh ar na dréachtmholtaí a roinnt idir tú féin agus do chomhghleacaithe i gceardlann chomhairliúcháin. Tá seacht gceardlann comhairliúcháin éagsúla ann, gabhann sraith ceisteanna le gach ceann díobh agus féadfaidh sibh bhur rogha féin a phiocadh astu. Gabhann cur i láthair gairid le fuaim le gach ceardlann chun cuidiú agus tacú leat aiseolas a chur ar fáil. Moltar 1.5 uair an chloig a chaitheamh leis an gceardlann.

Liostáiltear na ceardlanna comhairliúcháin thíos.

| |
|---|
| 1. Fís |
| 2. Prionsabail an teagaisc agus na foghlama |
| 3. Príomhinniúlachtaí |
| 4. Leithdháileadh ama |
| 5. Measúnú |
| 6. Cur chuige níos comhtháite i leith an teagaisc agus na foghlama sna ranganna sóisearacha |
| 7. Aistriú, leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim páistí idir réamhscolaíocht, bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht |

Tá na hábhair seo a leanas ar fáil (i nGaeilge agus i mBéarla) le haghaidh gach ceardlann chomhairliúcháin.

| |
|---|
| 1. Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu |
| 2. Cur i láthair le fuaim |
| *3. Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* |
| 4. Naisc chuig dhá fhíseán faisnéise |

**Ceardlann chomhairliúcháin a eagrú agus a éascú i do scoil/réamhscoil féin**

1. Déan cinneadh faoin gcineál ceardlann comhairliúcháin is mian leat a fhiosrú. D'fhéadfá ceann amháin nó níos mó a roghnú.
2. Gabhann sraith ceisteanna le gach ceardlann. D'fhéadfá roinnt/gach ceann de na ceisteanna, nó ceisteanna eile fiú, a úsáid chun tacú leis an bplé agus leis an aiseolas.
3. Cuirtear faisnéis agus tacaíocht ar fáil i ngach cur i láthair chun cuidiú leat machnamh a dhéanamh ar cheisteanna na ceardlainne.
4. B'fhéidir go roghnófá féin agus do chomhghleacaithe freagairt ar na ceisteanna le linn cruinniú leis an bhfoireann iomlán, nó i ngrúpaí níos lú le múinteoirí eile nó mar dhaoine aonair.

**D'fhéadfadh na bearta seo a leanas a bheith úsáideach agus tú ag freagairt na gceisteanna:**

- go léifeadh rannpháirtithe *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* roimh an gceardlann agus go mbeadh rochtain acu air le linn na ceardlainne. Is féidir rochtain a fháil ar an gcreat anseo.
- go mbreathnódh na rannpháirtithe ar dhá fhíseán faisnéise sula dtosaíonn siad ag obair ar chuir i láthair na ceardlainne. Is féidir rochtain a fháil ar na físeáin anseo.
- ról a thabhairt do dhuine amháin an cheardlann a éascú agus a bheith i gceannas ar reáchtáil na ceardlainne (am, sosanna, aiseolas ar cheisteanna a bhailiú).
- go n-oibreodh rannpháirtithe i ngrúpaí beaga de thriúr nó ceathrar chun na ceisteanna ag deireadh na gcur i láthair a fhiosrú.
- go mbaileodh an duine a éascaíonn an seisiún freagraí ó na grúpaí beaga seo agus go gcuirfeadh sé isteach ar an bhFoirm Freagartha Microsoft iad.

**Cosaint Sonraí**

Tá meas iomlán ag an CNCM ar do cheart chun príobháideachais. Caithfear le haon eolas pearsanta a sholáthraíonn tú don CNCM leis na caighdeáin is airde de shlándáil agus rúndacht, go beacht de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Téigh chuig https://ncca.ie/ga/r%C3%A1iteas-pr%C3%ADobh%C3%A1ideachais má theastaíonn tuilleadh faisnéise maidir le cosaint sonraí uait nó féadfaidh tú dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí CNCM ar dpo@ncca.ie

**Táimid an-bhuíoch díot as an aiseolas seo a chur ar fáil agus táimid ag súil go mór le do chuid freagraí a fháil.**